Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Márta 2026**
**(OR. en)**

**6725/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0081 (NLE)**

**INDEF 61**
**POLMIL 95**
**COPS 110**
**ECOFIN 253**
**FIN 311**
**UEM 90**
**FISC 86**
**COMPET 235**
**MAP 60**
**IND 138**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 145 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an gcúnamh airgeadais faoi Rialachán (AE) 2025/1106 a chur ar fáil don Fhrainc |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 145 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 145 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.3.2026
COM(2026) 145 final

2026/0081 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an gcúnamh airgeadais faoi Rialachán (AE) 2025/1106 a chur ar fáil don Fhrainc

2026/0081 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gcúnamh airgeadais faoi Rialachán (AE) 2025/1106 a chur ar fáil don Fhrainc**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh[1] agus go háirithe Airteagal 8 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sheol an Coimisiún glaonna ar léiriú spéise chun cúnamh airgeadais a fháil faoin Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh ('ionstraim SAFE'), lena n-iarrtar ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le huasmhéid táscach iasachta agus íosmhéid táscach iasachta. Faoin 29 Lúnasa 2025, chuir 19 mBallstát in iúl gur spéis leo cúnamh airgeadais a fháil faoi Rialachán (AE) 2025/1106.

(2) An 9 Meán Fómhair 2025, thug an Coimisiún fógra do na Ballstáit iarrthacha faoi leithdháileadh sealadach na méideanna iasachta in aghaidh an Bhallstáit.

(3) An 28 Samhain 2025, chuir an Fhrainc iarraidh isteach, i gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2025/1106, ar chúnamh airgeadais ('an iarraidh') a raibh plean infheistíochta um an tionscal cosanta Eorpach ('an plean') ag gabháil léi.

(4) Rinne an Coimisiún measúnú ar an iarraidh de réir na gcoinníollacha is infheidhme a leagtar síos i Rialachán (AE) 2025/1106.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2025/1106, bhí réasúnú agus bunús cuí leis an bplean agus leagadh amach ann tuairisc ar na táirgí cosanta agus ar na táirgí eile chun críoch cosanta, agus i gcás inarb ábhartha, tuairisc ar an rannpháirtíocht a bhí beartaithe don Úcráin sna gníomhaíochtaí, caiteachas agus bearta atá beartaithe, nó ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun tairbhe na hÚcráine.

(6) Chinn an Coimisiún go gcomhlíonann an iarraidh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2025/1106 maidir le hionstraim SAFE a úsáid. Go sonrach, áirithítear léi go ndéanfar gníomhaíochtaí, caiteachas agus bearta a bhaineann le táirgí cosanta nó táirgí eile chun críoch cosanta trí sholáthairtí comhoibríocha nó soláthairtí aonair. Beidh ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí seo a leanas ag gníomhaíochtaí, caiteachas agus bearta den sórt sin freisin: dlús a chur le coigeartú an tionscail cosanta i leith athruithe struchtúracha, feabhas a chur ar

[1] IO L, 2025/1106, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1106/oj.

infhaighteacht thráthúil táirgí cosanta nó idir-inoibritheacht agus idirmhalartacht a áirithiú ar fud an Aontais.

(7) Chinn an Coimisiún freisin go bhfuil san iarraidh tuairisc ar na bearta atá beartaithe arb é is aidhm dóibh comhlíonadh Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2025/1106 agus na rialacha soláthair a leagtar amach sa Rialachán sin a áirithiú, lena n-áirítear tuairisc ar an gcaoi a bhfuil an comhlíonadh sin le háirithiú.

(8) Mar thoradh air sin, i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2025/1106, chinn an Coimisiún go gcomhlíonann an iarraidh na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin, go háirithe na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 4, in Airteagal 7(2) agus in Airteagal 16.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2025/1106, rinne an Coimisiún riachtanais mhaoiniúcháin reatha agus ionchasacha na Fraince a mheas, mar aon leis na hiarrataí ar chúnamh airgeadais de bhun an Rialacháin sin atá curtha isteach cheana nó atá beartaithe ag Ballstáit eile a chur isteach, agus prionsabail na córa comhionainne, na dlúthpháirtíochta, na comhréireachta agus na trédhearcachta á gcur i bhfeidhm san am céanna.

(10) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta faoi Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle[3].

(11) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do na rialacha ábhartha arna nglacadh de bhun Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe Rialacháin (AE, Euratom) 2024/2509[4] agus (AE, Euratom) 2020/2092[5] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2025/1106, sa chomhaontú iasachta atá le déanamh leis an bhFrainc ba cheart na bearta iomchuí uile is gá a leagan amach chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Bunaítear leis seo go bhfuil measúnú déanta ag an gCoimisiún ar an iarraidh ar chúnamh airgeadais faoin Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh a chuir an Fhrainc isteach an 28 Samhain 2025 agus chinn sé go gcomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2025/1106, go háirithe na coinníollacha sin in Airteagal 4, in Airteagal 7(2) agus in Airteagal 16. Cuirfear cúnamh airgeadais ar fáil don Fhrainc dá réir sin.

---

[2] Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

[3] Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/oj).

[4] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

[5] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj).

*Airteagal 2*

1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Fhrainc darb uasmhéid EUR 15 090 941 144.

2. Cuirfidh an Coimisiún tacaíocht iasachta ar fáil don Fhrainc. Cuirfear suim EUR 2 263 641 171,60 ar fáil mar íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin.

*Airteagal 3*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

*Airteagal 4*

Is chuig Poblacht na Fraince a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*